

Ábhar

Cúrsa Léinn

Téacsanna Léitheoireachta

Sleachta as suímh ghréasáin na Ranna Gaeilge sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus in Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

Sliocht as agallamh leis an Ollamh Angela Bourke.

www.beo.ie

(Le caoinchead ó www.beo.ie).

Ní cúrsa teagaise ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



An Cúrsa Gaeilge

Réamhobair

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag plé bhur gcúrsaí léinn ar ball. Ar dtús féachaigí an bhfuil Gaeilge agaibh ar na focail seo a leanas. Mura bhfuil sibh cinnte, tá an leagan Gaeilge sa bhosca thíos.

1. assessment system
2. continuous assessment
3. interdisciplinary course
4. module
5. main subject
6. to get a degree
7. graduation
8. thesis
9. tutorials
10. tutor
11. 3 hours per week
12. corrections
13. I'm studying French

modúl	céim a bhaint amach	ceartúcháin	ranganna teagaisc	príomhábhar
teagascóir	measúnú leanúnach	tráchtas	cúrsa idirdhisciplíneach	córas measúnaithe
táim ag déanamh staidéir ar an bhFraincis	3 uair an chloig sa tseachtain	bronnadh céime		

Anois cumaigí beirt deich gceist a bheadh oiriúnach do cheistneoir a bheadh le líonadh ag mic léinn eile sa chéad bhliain sa Choláiste. An aidhm atá leis an gceistneoir ná an méid eolais agus is féidir a fháil faoi ábhair na mac léinn eile. Beidh an bheirt in aice libh ag cumadh ceisteanna chomh maith, agus ansin líonfaidh sibh ceistneoirí a chéile. Bainigí úsáid as na ceanteidil thíos chun cabhrú libh na ceisteanna a chumadh.

- Cúrsaí éagsúla
- Measúnú
- Struchtúr an chúrsa
- An rud is fearr / an rud is measa

*Bíigí cúramach leis an leagan Gaeilge de na ceisteanna seo:

What subjects are you doing?
Do you enjoy them?

Seo slite eile chun plé leis an mbriathar *studying*

Germáinis atá ar bun aici
Tá sí ag plé le Germáinis

Béarla atá ar siúl ag Máire
Stair an t-ábhar atá ag Seán

Feasacht Teanga

Seo earráidí coitianta a dhéanann daoine agus iad ag caint faoina gcúrsa léinn. Pléigh na hearráidí leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht iad a cheartú.

- Táim ag staidéar Gearmáinis
- Tá mé sa chéad bliain
- Tá mé sa dara bhliain
- Tá rang dhá uair agam ar ball
- Tá dhá léachtanna agam

Anois déanaigí an cleachtadh seo a leanas:

bliain	uair	uair an chloig
2 + bliain	2 + uair	2 + uair an chloig
3 + bliain	3 + uair	3 + uair an chloig
7 + bliain	7 + uair	7 + uair an chloig

Téacs 1: Léamh, Plé agus Feasacht Teanga

Léamh

Seo cuid den chur síos a dhéantar ar an gcúrsa BA sa Ghaeilge ar shuíomh gréasáin dhá Ollscoil éagsúla. Léigh an cur síos agus pléigh na ceisteanna a leanann é.

(i) An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath:

‘...Eolas domhain a thabhairt do na mic léinn ar an nGaeilge agus ar an oidhreacht liteartha agus chultúrtha a bhaineann léi...’

(ii) Ollscoil na hÉireann Gaillimh:

‘...Tugann an cúrsa seo deis do mhic léinn eolas a chur ar oidhreacht liteartha agus chultúrtha na nGael, líofacht a bhaint amach i labhairt na Gaeilge agus cruinneas ina scríobh agus teacht i dtír ar an méid Gaeilge a d’fhoghlaim siad ar scoil. Má tá Gaeilge ó dhúchas acu gheobhaidh siad deis barr slachta a chur ar a gcuid eolais uirthi agus ar a hoidhreacht chultúrtha...’

Plé

- Céard a shíleann tú den chur síos atá déanta thuas ar an BA sa Ghaeilge? An bhfuil an cur síos cosúil le do chúrsa féin? Ar léigh tú an cur síos a bhí ag do Choláiste féin sular roghnaigh tú an cúrsa Gaeilge?

- Cad atá i gceist, dar leat, le ‘líofacht a bhaint amach sa Ghaeilge’? Cad atá i gceist le ‘líofacht’ i dteanga? An féidir bheith líofa gan a bheith cruinn? Cad a chiallaíonn ‘líofa lofa’?
- Cé acu is deacra – líofacht i labhairt na Gaeilge nó cruinneas i scríobh na Gaeilge?
- Pléigh: ‘Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste’.
- ‘...má tá Gaeilge ó dhúchas acu gheobhaidh siad deis barr slachta a chur ar a gcuid eolais uirthi...’ Cén cineál slachta a d’fhéadfadh cainteoirí dúchais a chur ar a gcuid Gaeilge?

Feasacht Teanga

Pointí le haird a thabhairt orthu!

- ‘Gaeilge ó dhúchas’ ach ‘cainteoir dúchais’ – cén fáth?
- ‘oidhreacht chultúrtha’ – cén fáth?
- ‘barr slachta a chur ar a gcuid eolais uirthi’ – cén fáth?
- ‘Leigheas a bhí mar chéad rogha agam agus BA an dara rogha’ – cad atá ar eolas agat faoi na focail a bhfuil líne fúthu? Conas a déarfá *the first year* agus *the second year* i nGaeilge? Is earráid choitianta í seo – bí cúramach!
- Conas a bhaintear úsáid as an mbriathar ‘taitin’ sna haimsirí éagsúla?

Téacs 2: Léamh, Plé agus Feasacht Teanga

Léamh

Seo sliocht as agallamh a bhí ar www.beo.ie leis an Ollamh Angela Bourke atá ag obair sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Léigh an sliocht agus déan na cleachtaí.

Post mar léachtóir

Lean Angela ar aghaidh leis an obair acadúil, áfach, agus bhain sí post amach sna seachtóidí mar léachtóir i Roinn na Nua-Ghaeilge, san institiúid chéanna a bhfuair sí a cuid oideachais inti. D’fhiafraigh mé di faoin ngaol atá aici anois lena cuid mac léinn féin.

"Is maith liom aithne a chur orthu, is maith liom iad a bheith ar a suaimhneas. Níl a fhios agam an ligeann an clár ama dúinn bualadh leo i gceart. Is dóigh liom go bhfuil sé an-tábhachtach go dtugaimid na ranganna trí mheán na Gaeilge, go bhfuil timpeallacht Ghaeilge sa Roinn, mar go gcothaítear réimsí éagsúla teanga sa gcaoi sin. Tuigim ag an am céanna go gcothaíonn sé claí ard, teorainn, idir muid féin is na mic léinn. Go leor acu tá siad compordach leis an nGaeilge agus níl aon fhadhb acu, ach na daoine gur mhaith liom cumarsáid a bhunú leo tá siad faitíosach faoina gcaighdeán féin."

Bhain Angela leis an nglúin mac léinn a tháinig i ndiaidh na réabhlóidí sna hollscoileanna ar an Mór Roinn. Braitheann sí go bhfuil mic léinn na laethanta seo coimeádach ar go leor bealaí ach is léir go bhfuil an-mheas aici orthu. An rud a chuireann iontas uirthi ná chomh hoilte is atá go leor dá cuid scoláirí.

"Seo cuid den aiféala a bhíonn orm ag deireadh gach bliana, go dtosaím ag cur aithne orthu aimsir na scrúduithe cainte agus mé ar buile liom féin agus leis an gcóras nach gcuireann muid aithne ar a chéile ag tús na bliana. Nuair a chuireann tú scrúdú béil orthu faigheann tú amach go bhfuil beirt nó triúr acu páirteach in Riverdance agus an domhan siúlta acu – nó léimte acu! – tar éis a bheith in áiteacha nach raibh cloiste agam fúthu nuair a bhí mé ar comhaois leo. Gheofá amach go bhfuil seaimpín agat sa rang i spórt éigin, leadóg bhoird, b'fhéidir. Daoine eile a bhfuil poist acu agus iad ina mbainisteoirí i mbialanna taobh le taobh le bheith ar chúrsa ollscoile, nó iad páirteach i bpolaitíocht ollscoile nó i bpolaitíocht áitiúil." Aithníonn sí go raibh bearna riamh ann idir mic léinn agus léachtóirí ach b'fhearr léi nach mbeadh.

Tá cúis mhaith ann go bhfuil fíis faoi leith ag Angela: tá tréimhsí caite aici in Harvard mar ollamh cuairte, i Minnesota agus ag plé leis an Léann Éireannach i mBoston College. Fuair sí deis ansin a bheith páirteach i léann idirdhisciplíneach, rud a gcreideann sí go láidir ann.

Thaitin an córas ollscoile sna Stáit Aontaithe go mór léi. "Buaileann tú leis na fochéimithe b'fhéidir trí huair sa tseachtain. Tagann tú i láthair agus bíonn b'fhéidir fiche duine thart ar bhord mór agat; cuireann tú an-aithne orthu. Caithfidh siad na cúrsaí a roghnú agus bíonn tuiscint acu roimh ré ar a bhfuil i gceist le gach cúrsa: an bhfuil aiste le scríobh acu, an bhfuil marcanna ag dul don rannpháirtíocht sa rang agus a leithéid. Ó thaobh na hoibre a éiríonn leat a dhéanamh, tá sé i bhfad níos sásúla."

D'fhéadfadh speisialtóir san innealtóireacht agus speisialtóir sa Fhraincis a bheith in aon rang le chéile, fochéimithe agus iarchéimithe, agus iad go léir ag tabhairt a gcuid eolais chun boird. "Samhláim an cineál sin seimneáir mar bhéile, daoine ag roinnt. Tá tú ag iarraidh go mbeidh siad ar a suaimhneas, sách compordach le bheith rannpháirteach."

Plé

1. '...go dtugaimid na ranganna trí mheán na Gaeilge, go bhfuil timpeallacht Ghaeilge sa Roinn...' An dtugtar na ranganna ar fad trí mheán na Gaeilge i do chúrsa féin? An bhfuil timpeallacht Ghaeilge sa Roinn seo? An bhfuil aon tábhacht leis seo?
2. An bhfuil timpeallacht Ghaelach sa Choláiste seo? An bhfuil Oifigeach Gaeilge ag an Ollscoil? Ag Aontas na Mac Léinn?
3. Labhraíonn Angela Bourke faoin teorainn idir na léachtóirí agus na mic léinn – cén dearcadh atá agat faoi seo?
4. An aontaíonn tú le hAngela Bourke go bhfuil mic léinn coimeádach na laethanta seo?
5. Labhraíonn Angela Bourke faoi mhic léinn atá faitíosach faoina gcaighdeán féin. An bhfuil sé deacair a bheith muiníneach as do chaighdeán teanga, dar leat? Cad is féidir a dhéanamh faoi seo?

Feasacht Teanga

1. Cuir líne faoi gach focal sa sliocht nach bhfuil tú cinnte faoi agus faigh amach ón rang nó ón teagascóir cad is brí leis.

2. An féidir leat na fráisá thíos as an sliocht a scríobh i ngach pearsa? (sampla: ar mo shuaimhneas, ar do....)
ar a suaimhneas
faoina gcaighdeán
ina mbainisteoirí
go leor dá cuid scoláirí
3. An bhfuil aon sampla den ghramadach sa téacs seo ar mhaith leat níos mó a fháil amach faoi? Conas a chuardófá agus cén áit a gcuardófá eolas faoi ghramadach? Bain úsáid as leabhar gramadaí chun eolas a chuardach faoi na míreanna gramadaí a phléigh tú níos luaithe.

Tascanna

- Faigh amach níos mó faoi Oifigeach Gaeilge an Choláiste más ann dó/di. Scríobh píosa beag faoin obair a dhéanann sé/sí.
- Bí ag obair le duine eile agus scríobhaigí plean d'fheachtas toghchánaíochta do phost Oifigeach na Gaeilge in Aontas na Mac Léinn. Bíodh na nithe seo a leanas in bhur bplean: (i) plean don fheachtas agus; (ii) moltaí faoi na rudaí a chuirfeadh sibh i gcrích dá mhuafadh sibh.
- Deir Angela Bourke go mbíonn sí ar buile leis an gcóras – dá mbeadh cumhacht agatsa an córas san institiúid seo a athrú, cad a dhéanfá? Tá Uachtarán Aontas na Mac Léinn ag lorg moltaí faoi nithe a d'fhéadfá a athrú sa Choláiste – déan amach do chuid moltaí féin le tabhairt dó/di.